

Nósanna Imeachta Toghcháin: Comhaltaí Inmheánacha

1.0 De réir Alt 16(2) d'Acht na nOllscoileanna 1997, (arna leasú le hAcht an Údaráis um Ard-Oideachas 2022) beidh siad seo a leanas ar Údarás na hOllscoile: "cúigear comhaltaí inmheánacha (seachas an príomhoifigeach) arna gceapadh ag an údarás ceannais".

I ndáil leis an Údarás Ceannais, ciallaíonn 'comhalta inmheánach' "comhalta den údarás ceannais is comhalta de chomhairle acadúil na hollscoile, fostaí de chuid na hollscoile nó duine a fhaigheann luach saothair faoi chonradh leis an ollscoil" (Alt 16 (8) d'Acht na nOllscoileanna, 1997).

Cuirfear tús le téarma nua Údarás na hOllscoile an 1 Feabhra 2025. Tá beirt chomhaltaí reatha roghnaithe ag Údarás na hOllscoile le hathcheapadh don dara téarma, fágann sin go bhfuil trí fholúntas i dtoghlach na gcomhaltaí inmheánacha.

1.1 Chinn Údarás na hOllscoile go mbeidh toghchán ann chun na trí fholúntas a líonadh sa bhallraíocht inmheánach.

De réir Rialachán 1/2024 agus an 'Próiseas chun Údarás na hOllscoile, Údarás Ceannais Ollscoil na Gaillimhe a athbhuanú 1 Feabhra 2025 – 31 Eanáir 2029' a ghabhann leis agus atá faofa ag an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, agus ag Údarás na hOllscoile, líonfar na trí fholúntas sa bhallraíocht inmheánach trí thoghchán as measc na dtrí ghrád foirne:

- Cohórt na nOllúna (sainmhínithe ag Ollscoil na Gaillimhe mar na gráid mar Ollamh Pearsanta, Ollamh le agus Ollamh bunaithe)
- Foireann acadúil eile lena n-áirítear foireann taighde (gan Ollúna san áireamh)
- Foireann tacaíochta gairmiúla (lena n-áirítear foireann tacaíochta agus theicniúil)

1.2 Beidh comhaltaí foirne i ngach ceann de na gráid thuas* (Tá liosta de na gráid san áireamh le fáil in Aguisín a hAon) i dteideal a bheith ainmnithe le haghaidh toghcháin ar an gcoinníoll go bhfuil siad sa phost agus ina gcomhaltaí den toghlach ábhartha an 1 Samhain 2024.

1.3 Reáchtálfar toghchán amháin chun trí fholúntas a líonadh, agus tiocfaidh na hainmnithe incháilithe ó na trí ghrád foirne atá leagtha amach i bpointe 1.1.

1.4 Toisc go bhfuil ionadaíocht ag an mbeirt chomhaltaí inmheánacha atá ag filleadh ar an ngrád ar an bhfoireann Ollaimh agus ar an bhfoireann Tacaíochta Gairmiúla cheana féin, ní mór do dhuine den fhoireann Acadúil Eile, lena n-áirítear an fhoireann taighde (gan Ollúna san áireamh) ceann amháin ar a laghad de na trí fholúntas a líonadh.

1.5 Baineann cuótaí inscne (fear amháin ar a laghad agus bean amháin ar a laghad) le líonadh na dtrí fholúntas.

1.6 Nuair a bheidh folúntas amháin ar a laghad líonta ag duine den fhoireann Acadúil Eile lena n-áirítear an fhoireann taighde (gan Ollúna san áireamh), agus na cuótaí inscne fireanna agus baineanna comhlíonta, líonfaidh na hiarrthóirí a ghnóthaíonn an líon is airde vótaí gan aird ar ghrád ná inscne na folúntais.

- 1.7 Ceithre bliana a bheidh i dtéarma oifige na gcomhaltaí a liostaítear thuas ón 1 Feabhra 2025.
- 2.0 Tá cinneadh déanta ag Údarás na hOllscoile maidir leis na socruithe seo a leanas do na hainmniúcháin:-
 - 2.1 **Ainmnithe Incháilithe:** An 1 Samhain 2024 an dáta a dheimhneofar an bhfuil ainmnithe incháilithe. Caithfidh ainmnithe (agus a moltóirí agus a gcuiditheoirí) a bheith i bpost agus ina gcomhaltaí den toghlach cuí an 1 Samhain 2024.
 - 2.2 Caithfear ainmniúcháin a dhéanamh tríd an Tairseach Toghcháin Ar Líne **idir 9.00am am na hÉireann Dé Luain, an 4 Samhain 2024 agus 17.00pm am na hÉireann Dé hAoine, an 29 Samhain 2024.** Ní ghlacfar le hainmniúcháin dhéanacha. Caithfidh gach eolas cuí ainmniúcháin a bheith san áireamh i ngach ainmniúchán lena n-áirítear sonraí beathaisnéise agus grianghraf den ainmní, ráiteas iarrthóra, teachtaireacht físe (roghnach), agus cur síos ar inniúlachtaí.
 - 2.3 Is féidir ainmniúcháin a chur isteach i mBéarla **nó** i nGaeilge agus taispeánfar do vótóirí sa teanga a chuirtear isteach é amháin. Tá fáilte roimh ainmnithe (ach níl gá leis) ainmniúcháin a chur isteach go hiomlán sa dá theanga agus taispeánfar an dá rud do vótálaithe. Tá iarrthóirí freagrach as a n-aistriúchán féin ar ainmniúchán a sholáthar.
 - 2.4 Ní mór go mbeadh sonraí beirt chomhaltaí incháilithe den toghlach foirne céanna a ghníomhóidh mar Mholtóir agus mar Chuiditheoir don ainmniúchán curtha ar fáil. Ar ainmniúchán a bheith curtha isteach, rachfar i dteagmháil leis an Moltóir agus leis an gCuiditheoir chun a dtacaíocht don ainmniúchán a dheimhniú. Caithfidh Moltóir agus Cuiditheoir teacht ón toghlach céanna leis an ainmní agus ní féidir leis/léi tacú ach le hainmniú **iarrthóra amháin**. Ní cheadaítear d'ainmnithe a n-ainmniúchán féin a mholadh ná a chuidiú.
- 3.0 Tá cinneadh déanta ag Údarás na hOllscoile maidir leis na socruithe seo a leanas don toghchán:
 - 3.1 **Nós Imeachta Toghcháin:** Má fhaightear níos mó ainmniúchán ná líon na n-ionadaithe incháilithe atá ag teastáil, réachtálfar toghchán trí ríomhvótáil. Tionólfar an bhallóid **Dé Máirt, an 14 Eanáir 2025 ó 9.00am go 12.00pm am na hÉireann Dé Céadaoin, an 15 Eanáir 2025.**
 - 3.2 Gheobhaidh comhaltaí foirne incháilithe ríomhphost le nasc uathúil chun vóta a chaitheamh, roimh an mballóid.
 - 3.3 Sa chás nach bhfaightear dóthain ainmniúchán chun an riachtanas d'ainmní amháin ar a laghad ón toghlach 'Foireann Acadúil Eile lena n-áirítear foireann taighde (gan Ollúna san áireamh)', fágfar an suíochán cuí folamh, le líonadh trí fhothoghchán a réachtálfar ag tráth níos déanaí.
 - 3.4 Sa chás nach bhfaightear dóthain ainmniúchán chun an cuóta inscne a chomhlíonadh, fágfar an suíochán cuí folamh, le líonadh trí fhothoghchán a réachtálfar ag tráth níos déanaí.
 - 3.5 Tarlóidh an vótáil de réir na rialachán seo a leanas:-
 - 3.5.1 Ní mór ríomhvótaí a chaitheamh idir **9.00am am na hÉireann Dé Máirt, an 14 Eanáir 2025 agus 12.00pm am na hÉireann Dé Céadaoin, an 15 Eanáir 2025.**
 - 3.5.2 **Incháilitheacht Vótálaithe:** An 1 Eanáir 2025 an dáta a dheimhneofar an bhfuil vótálaithe incháilithe. Caithfidh vótálaithe a bheith ina gcomhaltaí foirne de réir Aguisín a hAon agus i bpost an 1 Eanáir 2025.
 - 3.5.3 Caithfidh vótaí bailí vóta a thairseadh d'iarrthóir amháin ar a laghad. Tá gach vóta inaitheanta sa chóras ar líne trí uimhir uathúil. Ní bheidh vótálaithe i dteideal vótáil ach sa toghlach foirne lena mbaineann siad (i.e. féadfaidh Ollúna vótáil

d'ainmnithe Ollúna amháin; is féidir le comhaltaí foirne acadúla eile agus taighde vótáil d'ainmnithe sa chatagóir sin amháin; ní féidir le foireann tacaíochta gairmiúla vótáil ach d'ainmnithe sa chatagóir sin amháin). Níl aon teorainn leis an líon iarrthóirí is féidir le vótálaí a rangú laistigh dá t(h)oghlach féin.

- 3.5.4 Measfar na hiarrthóirí a ghnóthaíonn an líon is mó vótaí bailí a bheith tofa, ar choinníoll go bhfuil ar a laghad ceann amháin de na trí fholúntas líonta ag duine den fhoireann Acadúil Eile lena n-áirítear an fhoireann taighde (gan Ollúna san áireamh) (mar atá leagtha amach i bPointe 1.4 thuas) agus ar choinníoll go mbaintear amach an cuóta inscne ábhartha (mar atá leagtha amach i bPointe 1.5 thuas). Cuirfear cuóta an ghráid foirne (a chiallaíonn duine den fhoireann Acadúil Eile lena n-áirítear an fhoireann taighde (gan Ollúna san áireamh)) i bhfeidhm ar dtús; ina dhiaidh sin cuirfear an cuóta inscne i bhfeidhm (fear amháin agus bean amháin ar a laghad).
 - 3.5.5 **Déanfar** triúr iarrthóirí a thoghadh, **lena n-áirítear** ar a laghad duine amháin den 'Foireann Acadúil Eile lena n-áirítear an fhoireann taighde (gan Ollúna san áireamh)', bean amháin ar a laghad agus fear amháin ar a laghad.
 - 3.4.6 I gcás vótaí a bheith cothrom, beidh an toghchán idir na hiarrthóirí cothroma, faoi réir 3.4.5 *supra*, á chinneadh trí chrannchur a réachtálfaidh an Ceann Comhairimh.
4. Tá cinneadh déanta ag Údarás na hOllscoile maidir leis na socruithe seo a leanas do chomhaireamh na vótaí:-
- 4.1 **Comhaireamh na vótaí:** déanfar iad a chomhaireamh trí Ionadaíocht Chionmhar le hAonvóta Inaistrithe (PRSTV) le haistriú codánach (i.e. rialacha Sheanad Éireann).
 - 4.2 Déanfaidh Mi-Voice Limited na vótaí a chomhaireamh mar Scrúdanóirí Neamhspleácha agus beidh beirt bhreathnóirí neamhspleácha ann, a thabharfaidh tuairisc don Cheann Comhairimh, an Rúnaí Gnóthaí Rialachais & Acadúla.
 - 4.3 Tionólfar Rian Iniúchta iomlán vótála sa chóras vótála leictreonaí agus déanfar athbhreithniú air sula n-eiseofar na torthaí.
 - 4.4 Fógróidh an Ceann Comhairimh torthaí toghcháin na n-iarrthóirí rathúla ag 17:00pm am na hÉireann Dé Céadaoin, an 14 Eanáir 2025.
 - 4.5 Foilseofar torthaí iomlána an Toghcháin ar láithreán gréasáin Údarás na hOllscoile. Coimeádfaidh Oifig an Rúnaí Rialachais agus Gnóthaí Acadúla taifead den chomhaireamh agus beidh ainmnithe aonair i dteideal rochtain a fháil ar a gcomhaireamh vótála féin.
5. Aon chorrholúntas a thiocfaidh chun cinn, i ndiaidh an Nós Imeachta Toghcháin nó le linn thréimhse oifige Údarás na hOllscoile a thoghadh faoin Nós Imeachta Toghcháin seo, i measc na gcomhaltaí a thoghadh mar atá leagtha amach thuas, líonfaidh an t-iarrthóir/na hiarrthóirí a fuair an líon is mó vótaí dleathacha sa Nós Imeachta Toghcháin, seachas iad sin a thoghadh, an corrrholúntas sin. Beidh an coinníoll seo faoi réir riachtanais an ghráid chuí (mar atá leagtha amach i bPointe 1.1 thuas) a bheith comhlíonta ag na comhaltaí a thoghfáir, agus an cuóta inscne cuí a bheith comhlíonta ag na comhaltaí sin a thoghfáir de réir Chuid 3.5.5 (mar atá leagtha amach i bPointe 1.5 thuas).

AGUISÍN A hAON

Cód Catagóire AD	Cur síos ar Chatagóir AD	Catagóir Toghcháin Údarás na hOllscoile
101	Ollamh	Ollamh
102	Ollamh Pearsanta	Ollamh
319	Ollamh le	Ollamh
104	Léachtóir Sinsearach	Foireann Acadúil Eile
106	Léachtóir<Bac/Léachtóir Sóisearach	Foireann Acadúil Eile
108	Léachtóir>Bac/Léachtóir Coláiste	Foireann Acadúil Eile
109	Léachtóir Cliniciúil (Páirtaimseartha)	Foireann Acadúil Eile
112	Cúntóir Teanga Iasachta	Foireann Acadúil Eile
115	Riarthóir / Teagascóir	Foireann Acadúil Eile
116	Taighde	Foireann Acadúil Eile
117	Léachtóir Téarma Shocraithe	Foireann Acadúil Eile
138	Foireann Tacaíochta Teagaisc	Foireann Acadúil Eile
200	Feidhmeannach Ríomhaireachta	Foireann Acadúil Eile
214	Múinteoir Ollscoile	Foireann Acadúil Eile
220	Léachtóir - Conradh A	Foireann Acadúil Eile
221	Léachtóir - Conradh B	Foireann Acadúil Eile
222	Teagascóir Cliniciúil	Foireann Acadúil Eile
311	Feidhmeannach Aistriúcháin	Foireann Acadúil Eile
314	Comhordaitheoir Oideachais Cleachtais	Foireann Acadúil Eile
316	Comhalta Ollscoile	Foireann Acadúil Eile
317	Cúntóir Teagaisc Iarchéime	Foireann Acadúil Eile
318	Taispeántóir do Chúntóir Teagaisc Iarchéime	Foireann Acadúil Eile
321	Cuiditheoir	Foireann Acadúil Eile
409	Foireann Tacaíochta Teagaisc, Ranganna Teagaisc, TAD, Aistí	Foireann Acadúil Eile
410	Taispeántóir don Fhoireann Tacaíochta Teagaisc	Foireann Acadúil Eile
119	An tUachtarán	Tacaíocht Ghairmiúil
120	Rúnaí	Tacaíocht Ghairmiúil
121	Rúnaí Cúnta	Tacaíocht Ghairmiúil
122	Rúnaí Cúnta	Tacaíocht Ghairmiúil
123	Oifigeach Riaracháin	Tacaíocht Ghairmiúil
124	Cúntóir Riaracháin, Grád 4	Tacaíocht Ghairmiúil
126	Cúntóir Riaracháin, Grád 3	Tacaíocht Ghairmiúil
127	Cúntóir Riaracháin, Grád 5	Tacaíocht Ghairmiúil
128	Cúntóir Riaracháin, Grád 2	Tacaíocht Ghairmiúil
130	Stiúrthóir	Tacaíocht Ghairmiúil
133	An Meabhránaí	Tacaíocht Ghairmiúil
134	Ceapachán ar Conradh	Tacaíocht Ghairmiúil
136	Ceapachán ar Conradh (Riarachán)	Tacaíocht Ghairmiúil
140	An Leabharlannaí	Tacaíocht Ghairmiúil

141	Leasleabharlannaí	Tacaíocht Ghairmiúil
142	Leabharlannaí Cúnta	Tacaíocht Ghairmiúil
143	Cúntóir Leabharlainne	Tacaíocht Ghairmiúil
145	Cúntóir Sinsearach Leabharlainne	Tacaíocht Ghairmiúil
146	Maor Leabharlainne	Tacaíocht Ghairmiúil
147	Teicneoir Ceanglainne	Tacaíocht Ghairmiúil
151	Leas-Seilfeálaí	Tacaíocht Ghairmiúil
154	Seilfeálaí Leabharlainne	Tacaíocht Ghairmiúil
160	Oifigeach Sinsearach Teicniúil	Tacaíocht Ghairmiúil
161	Oifigeach Teicniúil	Tacaíocht Ghairmiúil
163	Freastalaí Saotharlainne	Tacaíocht Ghairmiúil
166	Príomhoifigeach Teicniúil	Tacaíocht Ghairmiúil
172	Pluiméir	Tacaíocht Ghairmiúil
175	Oibrí Tógála	Tacaíocht Ghairmiúil
177	Garraíodóir	Tacaíocht Ghairmiúil
181	Glantóir	Tacaíocht Ghairmiúil
182	Foireann Slándála	Tacaíocht Ghairmiúil
183	Leictreoir	Tacaíocht Ghairmiúil
190	Maoirseoir (Grád 1)	Tacaíocht Ghairmiúil
191	Maoirseoir (Grád 2)	Tacaíocht Ghairmiúil
192	Freastalaí Spóirt	Tacaíocht Ghairmiúil
208	Saoiste – An Seomra Poist	Tacaíocht Ghairmiúil
211	Saoiste - Leictreoir	Tacaíocht Ghairmiúil
215	Saoiste - Meicniúil	Tacaíocht Ghairmiúil
301	Oifigeach Sinsearach Teicniúil atá Maoinithe ag Taighde	Tacaíocht Ghairmiúil
307	Oibrí Saoráide	Tacaíocht Ghairmiúil
308	Cúntóir Ríomhaireachta	Tacaíocht Ghairmiúil